

Polasaí maidir le Caomhnú Leanaí

Glacann an Bord Bainistíochta leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí maidir le gach gné de shaol na scoile agus nach mór sin a bheith le sonrú ar pholasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht uile na scoile. Dá réir sin, ag teacht lena n-éilítear faoi 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i nIarbhunscoileanna na Roinne Oideachais agus Scileanna, tá an polasaí seo a leanas maidir le caomhnú leanaí aontaithe ag Bord Bainistíochta Choláiste Ghlór na Mara:

1. Tá glactha ag an mBord Bainistíochta le 'Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile' na Roinne agus déanfar a gcur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú, mar chuid den pholasáí ginearálta maidir le caomhnú leanaí.

2. An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA): Aoife Elster

3. An Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA): Bláithín Uí Dhálaigh

4. I ndáil le polasaithe, modhanna oibre agus beartaíocht de chuid Choláiste Ghlór na Mara, cloífear leis na prionsabail seo a leanas den dea-chleachtas maidir le caomhnú leanaí agus leas leanaí:

- Déanfaidh an scoil glacadh leis go bhfuil fíorthábhacht le caomhnú leanaí agus leas leanaí, gan bheann ar aon cheist eile;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis chúí faoin reachtaíocht maidir le caomhnú leanaí agus cúrsaí leasa leanaí
- gnásanna sábháilte a ghlacadh chuici féin d'fhonn an dóigh go dtarlódh dochar nó tionóisc do leanbh a mhaolú oiread agus is féidir agus an lucht oibre a chosaint ó chall dul i mbaol nach gá a bhféadfadh gurb é toradh a bheadh air go gcuirfí drochúsáid nó faillí ina leith;
- gnás ionracais a thabhairt chun cinn le tuismitheoirí agus tuismitheoirí a spreagadh a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid leanaí; agus
- meas iomlán a léiriú ar riachtanais rúndachta agus í ag déileáil le cúrsaí caomhnaithe leanaí

Cloífidh an scoil leis na prionsabail thuas freisin i ndáil le haon dalta fásta lena mbaineann soghontacht speisialta.

5. Is cuid lárnach de ghach polasaí, prótacal agus cleachtas na scoile caomhnú leanaí. Tá tábhacht áirithe ag baint leis i gcás an Cód Iompair, an Polasaí frith bhulaíochta, an Straitéis Tinrimh Daltaí, Maoirseacht ar Dhaltaí, Gníomhaíochtaí Spóirt/Turais Scoile agus Socrúcháin oibre daltaí.

Tá sé cinntithe ag an mBord go bhfuil na polasaithe, prótacail nó cleachtais, de réir mar is cuí, curtha i bhfeidhm i ndáil le gach ceann de na nithe thuasluaite.

6. Cuireadh an polasaí seo ar fáil d'fhoireann na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí agus tá sé ar fáil go héasca ag tuismitheoirí ach a iarraidh. Cuirfear cóip den pholasaí seo ar fáil don Roinn agus don phátrún sa chás go n-iarrtar é.

7. Déanfaidh an Bord Bainistíochta an polasaí seo a thabhairt faoi athbhreithniú uair in aghaidh na scoilbhliana.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí seo ar an _____

Siniú: _____ Síniú: _____

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta Príomh-Oide

Dáta: _____ Dáta: _____

Dáta an chéad athbhreithniú eile: _____